# IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908
# ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929
# UNIVERSITIES ACT, 1997
# HIGHER EDUCATION AUTHORITY ACT, 2022

## OLLSCOIL NA GAILLIMHE

## REACHT CCCLXXXI

# University of Galway/*Ollscoil na Gaillimhe*

## STATUTE CCCLXXXI /*REACHT* CCCLXXXI

WE, Údarás na hOllscoile of University of Galway, under and by virtue of the powers in that behalf conferred on us by the above Acts, DO by this present instrument under the Seal of University of Galway, make the Statute contained in the Schedule hereto for the general government of the said University./*Faoi agus de bhua na gcumhacht sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na Gaillimhe, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.*

Given under the Common Seal of University of Galway, this first Day of May, Two Thousand and Twenty Four./*Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, an chéad Lá seo de mhí na Bealtaine, Dhá Mhíle agus Fiche Ceathair.*

Present when the Common Seal of University of Galway, was affixed hereto:
*I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na Gaillimhe, dó seo:*

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

### Schedule – STATUTE CCCLXXXI /*Sceideal – REACHT CCCLXXXI*

All previous Statutes of University of Galway and in particular Statute CCLIV, Chapter I, as amended by Statute CCLXIII, Chapter II, by Statute CCLXXXIX, Chapter III, by Statute CCLXXXVIII, Chapter I, by Statute CCXCIII, Chapter III, by Statute CCCVII, Chapter V, by Statute CCCXVIII, Chapter IV, by Statute CCCXLIII, Chapter I and by Statute CCCLVI, Chapter I shall be read and construed with the alterations, additions, modifications and substitutions hereinafter set forth./Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na Gaillimhe roimhe seo, agus go háirithe Reacht CCLIV, Caibidil I, arna leasú ag Reacht CCLXIII, Caibidil II, ag Reacht CCLXXXIX, Caibidil III, ag Reacht CCLXXXVIII, Caibidil I, ag Reacht CCXCIII, Caibidil III, ag Reacht CCCVII, Caibidil V, ag Reacht CCCXVIII, Caibidil IV, Reacht CCCXLIII, Caibidil I agus Reacht CCCLVI, Caibidil I a léamh agus a fhorléiriú leis na hathruithe, na breisithe, na modhnuithe agus na malairtí atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

Statute CCCLVI is hereby revoked in its entirety and replaced with Statute CCCLXXXI hereunder:-

## CHAPTER I
## MEMBERSHIP OF THE ACADEMIC COUNCIL

1. The members of the Academic Council shall be:

i. The President (Ex Officio)
ii. The Deputy-President and Registrar (Ex Officio)
iii. The Vice-Presidents (Ex Officio)
iv. The Dean of each College (Ex Officio)
v. The Dean of Graduate Studies (Ex Officio)
vi. The Dean of Students (Ex Officio)
vii. The Secretary for Governance & Academic Affairs (Ex Officio)
viii. The President of the Students' Union (Ex Officio)
ix. The Vice-President of the Students' Union/ Education Officer (Ex Officio)
x. 25 representatives of each College as a norm, adjusted to the size of the College (by up to plus or minus 5 members). The minimum representation for any College shall be 20 members and the maximum representation shall be 100 members for all Colleges.
xi. Heads of School in each College and a minimum of 3 Professors. These members shall constitute part of the representation from each College.
xii. A minimum of 2 students from each College. These members shall constitute part of the representation from each College. The students shall be elected with the assistance of the Students' Union
xiii. The Librarian
xiv. The Director of Information Solutions and Services
xv. The Director of Adult Learning and Professional Development
xvi. The Director of the Centre for Excellence in Learning and Teaching
xvii. The Director of Quality
xviii. Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

2. The members elected under Paragraph (x) of Section 1 of this Chapter shall consist of a minimum of 40% male and 40% female members to be drawn, via election, from the range of academic grades, including the post-doctoral grade, the lectureship and senior lectureship grades, and the professorial grades. The said membership will have regard to the range of academic disciplines.

3. Each member elected under Paragraph (x) of Section 1 of this Chapter shall hold office for a period not exceeding four years, such term of office to normally coincide with the term of Academic Council.

   Elected members whose term of office expires by effluxion of time shall be eligible for re-election. Subject to the exceptional circumstance of a short term casual vacancy* as below, a person who is re-elected to Academic Council shall not hold office for more than two consecutive terms of Academic Council.

*Casual vacancies served by a member for a period of less than one year shall not be counted for that member, whilst casual vacancies served by a member of longer than one year shall count as a full term of office for that member.

A break of one full term of Academic Council is required before a member who has served consecutive terms is eligible for re-election.

4. Each member elected under Paragraph (viii), (ix) and (xii) of Section I of this Chapter shall hold office for the duration of one academic year [a student term].
A member elected to fill a student casual vacancy occurring during the academic year shall hold office for the remainder of that academic year. Elected members under this paragraph may not serve more than 2 consecutive terms of office.

5. The overall membership of Academic Council will meet the University's requirement for at least 40% female and 40% male representation. Where it is not practicable to achieve a 40:40 male-female balance due to the gender profile of Ex Officio members at any given time, the said balance shall otherwise be achieved flexibly via individual College electoral membership and/or trans-College electoral membership.

**CHAPTER II**

1. Nothing herein contained shall affect any appointment made, right acquired or act done under any previous Statute of the University.
2. This Statute shall come into operation on the first Day of May, Two Thousand and Twenty-Four, and may be cited as Statute CCCLXXXI, University of Galway, or Stat. CCCLXXXI, Univ. of Galway.

Present when the Common
Seal of University of
Galway, was affixed hereto:

L.S.

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*

Cúlghairtear leis seo Reacht CCCLVI ina iomláine agus cuirtear Reacht CCCLXXXI thíos ina ionad:-

**CAIBIDIL I**
**BALLRAÍOCHT DEN CHOMHAIRLE ACADÚIL**

1. Is iad seo a leanas baill na Comhairle Acadúla:

i. An tUachtarán (Ex Officio)
ii. An tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí (Ex Officio)
iii. Na Leas-Uachtaráin (Ex Officio)
iv. Déan gach Coláiste (Ex Officio)
v. An Déan Staidéir Iarchéime (Ex Officio)
vi. Déan na Mac Léinn (Ex Officio)
vii. An Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla
viii. Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn (Ex Officio)
ix. Leas-Uachtarán Chomhaltas na Mac Léinn/ Oifigeach Oideachais (Ex Officio)
x. 25 ionadaí ó gach Coláiste de ghnáth, arna choigeartú ag brath ar mhéid an Choláiste (suas le móide nó lúide cúigear ball). Is é 20 ball an t-íosmhéid ionadaíochta le haghaidh aon Choláiste agus 100 ball do na Coláistí go léir an t-uasmhéid ionadaíochta.
xi. Cinn Scoile i ngach Coláiste agus triúr Ollúna ar a laghad. Áireofar na baill sin mar chuid den ionadaíocht ó gach Coláiste.
xii. Beirt mhac léinn ar a laghad ó gach Coláiste. Áireofar na baill sin mar chuid den ionadaíocht ó gach Coláiste. Toghfar na mic léinn le cúnamh ó Chomhaltas na Mac Léinn
xiii. An Leabharlannaí
xiv. An Stiúrthóir, Réitigh agus Seirbhísí Faisnéise
xv. Stiúrthóir an Ionaid Foghlama agus Forbartha Gairmiúla d'Aosaigh
xvi. Stiúrthóir an Ionaid Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc
xvii. An Stiúrthóir Feabhais
xviii. Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

2. I gcás na mball a thoghfar faoi Mhír (x) d'Alt 1 den Chaibidil seo, beidh 40% díobh fireann agus 40% díobh baineann. Déanfar iad a roghnú agus a thoghadh ó raon iomlán na ngrád acadúil, lena n-áirítear an grád iardhochtúireachta, an grád léachtóireachta agus léachtóireachta sinsearaí agus an grád ollúna. Beidh aird ag an mballraíocht ar raon na ndisciplíní acadúla.

3. Beidh gach ball a thoghfar faoi Mhír (x) d'Alt 1 den Chaibidil seo i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana, an téarma oifige sin comhthráthach de ghnáth le téarma na Comhairle Acadúla.

   Beidh baill thofa a rachaidh a dtéarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-atofa. Faoi réir cúinse eisceachtúil de chorrfholúntas gearrthéarmach* mar atá thíos, ní bheidh duine a atoghadh chuig an gComhairle Acadúil i seilbh oifige ar feadh níos mó ná dhá théarma as a chéile den Chomhairle Acadúil.

   *Ní dhéanfar corrfholúntais a fhónfaidh ball ar feadh tréimhse níos lú ná bliain amháin a áireamh don bhall

sin, agus áireofar corrfholúntais arna bhfónamh ag ball de níos faide ná bliain amháin mar théarma oifige iomlán don bhall sin.

Éilítear sos de théarma iomlán amháin den Chomhairle Acadúil sula mbeidh ball a bhfuil téarmaí as a chéile fónta aige/aici incháilithe lena (h)atoghadh.

4. Beidh gach ball a thoghfar faoi Mhír (viii), (ix) agus (xii) d'Alt 1 den Chaibidil seo i seilbh oifige ar feadh bliain acadúil amháin [téarma mic léinn].
Má cheaptar ball mar thoradh ar fholúntas ócáideach mic léinn a thagann chun cinn i rith na bliana acadúla, beidh an ball sin i seilbh oifige don chuid eile den bhliain acadúil. Ní fhónfaidh baill thofa faoin mír seo níos mó ná 2 théarma oifige as a chéile.

5. Comhlíonfaidh ballraíocht iomlán na Comhairle Acadúla riachtanas na hOllscoile maidir le hionadaíocht ban agus fir, is é sin gur mná iad 40% ar a laghad agus gur fir iad 40% ar a laghad. Nuair nach bhfuil sé indéanta cothromaíocht 40:40 idir fir agus mná a bhaint amach de bharr phróifíl inscne na mball Ex Officio ag aon am ar leithligh, bainfear an chothromaíocht amach go solúbtha trí bhallraíocht thoghthóirí an Choláiste aonair agus/nó trí bhallraíocht toghthóirí tras-Choláiste.

**CAIBIDIL II**

1. Ní dhéanfaidh aon ní sa Reacht seo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht Ollscoile roimhe seo.
2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an chéad Lá de mhí na Bealtaine, Dhá Mhíle agus Fiche Ceathair, agus féadfar Reacht CCCLXXXI, Ollscoil na Gaillimhe, a ghairm de, nó R. CCCLXXXI, Oll. na Gaillimhe.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala
Ollscoil na Gaillimhe, de seo:

**L.S.**

Ciarán Ó hÓgartaigh, *Uachtarán*
Caroline Loughnane, *Rúnaí Gnóthaí Rialachais & Acadúla*